


**GAEILGE (HIGHER)**

**AILBHE NOLAN**

**ACADEMIC YEAR: 2024/2025**

***ORAL MASTERCLASS***

---



## TABLE OF CONTENTS

<b>OVERALL MARKING</b>	<b>5</b>
<b>Oral exam</b>	<b>6</b>
<b>Sraith pictiúir</b>	<b>7</b>
Rialacha na scoile	9
Samhradh iontach	12
Imreoir gortaithe	15
Mo Cheol thú! Mo cheol sibh!	18
Lá Spraoi san Ardchathair	21
An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr	24
Comhoibriú an phobail	27
Drochaimsir an Gheimhridh - Athrú aeráide	30
Cóisir gan chead	33
Madra ar Strae	36
<b>Mé féin agus mo theaghlach</b>	<b>37</b>
Ceisteanna Samplacha	37
Fúm féin	44
<b>Mo cheantar</b>	<b>46</b>
Ceisteanna Samplacha	46
Freagraí Samplacha	47
Do cheantar féin	51
<b>An Scoil</b>	<b>53</b>
Ceisteanna Samplacha	53
Nótaí Breise	60
Do scoil féin	61
<b>Mo Chaitheamh Aimsire</b>	<b>63</b>
Ceisteanna Samplacha	63
Freagraí Samplacha	65
Nótaí Breise	70
Mo chaithimh aimsire féin	73
<b>Bia, Cócaireacht agus BÁCÁIL</b>	<b>74</b>
<b>An Toghcháil agus an Ollscoil</b>	<b>75</b>
Cleachtadh	77
<b>FILÍOCHT</b>	<b>80</b>
Gairneann	80
Cearnaigh	81
An tEarrach Thiar	82
Cúrsa (idir lúibíní)	83



An Spailpín Fánach	84
<b>GRAMADACH DON SCRÚDÚ CAINTE</b>	<b>85</b>
<b>An Aidiacht Shealbhach</b>	<b>85</b>
<b>Infinitive verbs</b>	<b>88</b>
<b>An Aimsir Chaite</b>	<b>89</b>
Rialacha an Aimsir Chaite	90
Cleachtadh	91
<b>An Aimsir Láithreach</b>	<b>94</b>
Rialacha an Aimsir Láithreach	95
Cleachtaí	97
<b>An Aimsir Fháistineach</b>	<b>103</b>
Rialacha an Aimsir Fháistineach	104
Cleachtadh	106
<b>Verbs ending in ir,air,il,ail,is</b>	<b>113</b>
Rialacha agus Samplaí	114
Cleachtadh	116
<b>An Modh Coinníollach</b>	<b>117</b>
Rialacha an Modh Coinníolach	117
<b>Siúl Siar</b>	<b>120</b>
Briathra Rialta	120
Aidiacht Shealbhach & briathra	121
<b>Nótaí</b>	<b>123</b>



# OVERALL MARKING

Paper	Section	Marks	%	Timing
Oral	Oral	240	40	20 mins
Paper 1 (2 hrs 20 mins)	Aural	60	10	20 mins
	Essay	100	17%	1hr 30 mins
				Planning and editing = 30 mins
Paper 2 (3 hrs 5 mins)	Comprehensions (2)	50 x 2 = 100	8.5 + 8.5 + 17%	1 hr
	Poetry	30	5%	30 mins
	Prose	30	5%	30 mins
	Choice section (An Triail, Gafa etc.)	40	7%	40 mins
				Planning and editing = 25 mins

# Oral exam

COMPONENTS	MARKS	% ORAL	% EXAM	DETAIL	COMMENTS
Welcome	5	2	1	5 <u>PRESCRIBED</u> questions 1. Name 2. Age 3. Birthday 4. Address 5. Exam no	★ 5 easy marks ★ 5 answers to be learned by heart
Picture stories	80	33	13	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 10 picture stories to be studied</li> <li>• 1 (examiner's choice) to be presented in oral exam</li> <li>• Examiner asks 3 follow up questions</li> <li>• Student asks 3 follow up questions</li> </ul>	★ You will have PLENTY of time to prepare picture stories; ★ A lot of the same vocab is used across the 10 stories
Reading (poem)	35	14	6	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 5 poems to be studied               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Géibhinn</li> <li>○ Colscaradh</li> <li>○ Mo Ghrása(idir lúibíní)</li> <li>○ An tEarrach Thiar</li> <li>○ An Spailpín Fánach</li> </ul> </li> <li>• 1 (examiner's choice) to be read in oral exam</li> </ul>	★ Easiest marks in the exam! ★ You can read from your own copy (with own phonetics)
Conversation	120	50	20	Topics include: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Myself</li> <li>• My family</li> <li>• My area</li> <li>• My school</li> <li>• My hobbies               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ TV/Film/Books</li> <li>○ Social Media</li> <li>○ Music</li> <li>○ concerts</li> </ul> </li> <li>• Tense questions               <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Last/next summer</li> <li>○ Last/next weekend</li> <li>○ Daily routine</li> </ul> </li> <li>• Current affairs</li> <li>• Life in Ireland today</li> <li>• Young people</li> </ul>	★ List (left) is not exhaustive ★ YOU steer the conversation, confidence is KEY here! ★ Practice, practice, practice!!

# Sraith pictiúir

## Rialacha na Scoile



Chroch siad	
D'fhogair sí	
Léigh sí	
Chaith sí	
D'ól siad	
Bhuail siad	
Shuigh siad	
D'fhan siad	
D'éist siad	
Rinne siad	
tionól	
ós comhair na ndaltaí	
ag imirt spóirt	
ag troid	
foréigineach	
dáinséarach	
in aghaidh na rialacha	
ar buile	
ag iarraidh míniú	
díomá	
fionrai	

## Rialacha na scoile

Labhair príomhoide Ardscoil an Chnoic leis na daltaí sa halla tionóil faoi rialacha na scoile. Léigh sí amach na rialacha dóibh. Dúirt sí go raibh sé tábhachtach meas a léiriú do gach duine sa scoil. D'inis sí dóibh go raibh orthu a gcuid éide scoile a chaitheamh. Freisin dúirt sí go raibh sé tábhachtach go mbeadh gach duine sona ar scoil. Bhí ar na daltaí obair chrua a dhéanamh agus bhí cosc ar bhullaíocht, ar ghuma agus ar thobac sa scoil. Freisin ní raibh cead ag daltaí drugaí a úsáid nó alcól a ól.

Ansin chuaigh na buachaillí amach ar an bpáirc imeartha agus d'imir siad cluiche peile. Ba chluiche iontach é agus bhain siad an-taitneamh as an gcluiche. Bhuail na cailíní le chéile agus chaith siad tamall ag caint agus ag comhrá. Ba léir go raibh atmaisféar sona sa scoil. Go luath ina dhiaidh sin thosaigh grúpa de bhuachaillí ag troid agus bhí beirt chailíní ag caitheamh tobac. Ba léir nár thug na déagóirí seo aird ar bith ar rialacha na scoile.

Chonaic múinteoir na buachaillí ag troid agus labhair sé leo. Ní raibh an múinteoir sásta leis na buachaillí ar chor ar bith. Luaigh sé rialacha na scoile agus dúirt sé go raibh sé an-tábhachtach meas a léiriú do gach duine ar scoil agus gur chóir gur áit shona í an scoil. D'iarr sé orthu a n-iompar a mhíniú.

Chonaic múinteoir eile na cailíní ag caitheamh tobac agus bhí sí an-chrosta leo. Luaigh sí an dochar a dhéanann toitiní do shláinte an duine agus luaigh sí rialacha na scoile freisin. Ba léir go raibh áiféala ar na déagóirí gur bhris siad rialacha na scoile.

Chuir na múinteoirí glao ar thuismitheoirí na ndéagóirí agus d'inis siad dóibh go raibh trioblóid sa scoil. D'iarr siad ar na thuismitheoirí teacht chuig an scoil an mhaidin ina dhiaidh sin do chruinniú leis an bpríomhoide. Ní raibh na thuismitheoirí sásta ar chor ar bith nuair a chuala siad go raibh trioblóid ar scoil.

An mhaidin ina dhiaidh sin bhuail an príomhoide le dalta agus a thuismitheoirí ina hoifig. Mhínigh sí dóibh gur bhris a mac rialacha na scoile. Bhí an –bhrón ar an mbuachaill gur bhris sé na rialacha. Gheall sé don phríomhoide nach dtarlódh sé arís. Bhí na daltaí agus na thuismitheoirí eile sa seomra feithimh. Bhí siad ag fanacht le labhairt leis an bpríomhoide.

Mar phíonós bhí ar na cailíní fanacht siar tar éis scoile ar feadh uair a chloig. Bhí ar na buachaillí a bhí ag troid fanacht siar ar feadh dhá uair. Ar a fiche cúig tar éis a cúig bhí na daltaí sa seomra ranga ag obair go dian. Bhí an-bhrón orthu gur bhris siad rialacha na scoile.



## Samhradh Iontach



Sheas (na cailíní)	
Labhair siad	
Bheartaigh siad	
Chuir siad (iarratas isteach)	
Chuaigh siad (faoi agallamh)	
D'oibrigh siad	
Chaith siad	
D'úsáid siad	
Ghlan siad	
Thug siad (cuairt ar)	
D'imir siad	
Bhuaigh siad	
D'fhéach siad	
Rinne siad	
an ghrian ag scoilteadh na gclocha	
ar bís, ag tnúth leis an samhradh	
folús glántóir	
radhairc cáiliúla	
corn	
go h-ard sa spéir	
grán rósta	
obair deonach	
carthanach	

## Samhradh iontach

Tús an tsamhraidh a bhí ann. Bhuail Laoise agus Muireann le chéile taobh amuigh den séipéal. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch an lá sin. Bhí na cailíní ag tnúth go mór leis an samhradh agus bhuail siad le chéile chun a bpleananna don samhradh a phlé. Ba léir gur dlúthchairde iad Laoise agus Muireann.

Ba mhaith leo poist páirt aimseartha a fháil agus mar sin chuaigh na cailíní chun labhairt leis an mbainisteoir san óstán aitiúil. Mhínigh an bainisteoir dóibh go raibh poist ar fáil san óstán ag glanadh na seomraí leapa. Bhí na cailíní sásta na poist sin a ghlacadh.

Thosaigh siad ag obair san óstán go luath ina dhiaidh sin. Bhí áthas orthu go bhfuair siad na poist agus d'oibrigh siad go dian. Chaith siad an lá ag folúsghlanadh agus ag cur snas ar na troscáin. Chóirigh siad na leapacha agus ghlan siad na seomraí folcadh.

Cúpla mí ina dhiaidh sin chuaigh Laoise agus Muireann ar thuras chuig an Róimh. Chaith siad na laethanta ag siúl timpeall na cathrach agus ag féachaint ar na radhairc stairiúla. Bhí an aimsir te agus grianmhar agus thaitin an chathair go mór leis na cailíní. Chaith siad tamall ag siopadóireacht freisin.

Nuair a tháinig na cailíní abhaile ón Róimh d'imir siad peil leis an gclub áitiúil. Bhí Laoise agus Muireann an-sásta gur bhuaigh siad an chraobh agus d'ardaigh siad an corn tar éis an chluiche ceannais.

Ina dhiaidh sin chuaigh siad chuig an bpictiúrlann. Bhí scannán iontach ar siúl agus bhí an phictiúrlann plódaithe le daoine óga. Cheannaigh na cailíní grán rósta agus deoch agus bhain siad an-taitneamh as an scannán.

Chaith Muireann agus Laoise tamall ansin ag cabhrú leis na bochtáin. D'oibrigh siad le Cumann Naomh Uinseann de Pól agus thaisteal siad timpeall na cathrach ag tabhairt amach ceapairí agus anraith do na bochtáin. Bhí na bochtáin an-bhuíoch dóibh. Ba léir gur bhain siad an-taitneamh as an obair dheonach.

Ag deireadh an tsamhraidh chaith na cailíní tamall ag féachaint siar ar na rudaí a rinne siad i rith an tsamhraidh. Bhí samhradh den scoth acu. Bhí Muireann agus Laoise ag tnúth go mór leis an samhradh seo chugainn.

# Imreoir Cortaithe



go dona....  
Briste....  
sos fada....



D'imir siad	
Rith siad	
Rinne siad	
Thit sé	
Tháinig sé	
Luigh sé	
Rinne sí	
Thaispeán sé	
Mhínigh sé	
Labhair sé	
Smaoinigh	
Le luas lasrach	
Luch féachana	
Thit sé ina chnap	
Ar shínteán	
Ag screadáil in ard a chinn is a ghutha	
Scrúdú fisiciúil	
Ficheall	

## Imreoir gortaithe

Bhí dhá fhoireann ag imirt cluiche iománaíochta. Bhí foireann na scoile chun tosaigh le cúl agus trí chúilín agus ní raibh ach cúl agus cúilín amháin ag foireann an choláiste. Bhí lucht leanúna an dá fhoireann sa staid agus bhí atmaisféar beomhar ann. Bhí na himreoirí i lár na páirce ag caitheamh clogaid agus éadaí spóirt agus bhí camáin ina lámha acu.

I rith an chluiche gortaíodh imreoir amháin agus fágadh é sínte ar an talamh. Tháinig an réiteoir trasna chuige agus chonaic sé go raibh an t-imreoir gortaithe. Ghlaigh sé ar bhainisteoir na foirne agus rith sé amach ar an bpáirc imeartha. Cuirfeadh fios ar otharcharr ansin agus tháinig beirt fhear le sínteán. Stopadh an cluiche agus tógadh an t-imreoir den pháirc ar an sínteán.

Tógadh an t-imreoir chuig an roinn timpiste agus éigeandála san ospidéal áitiúil. Shroich siad an t-ospidéal thart ar a trí a chlog agus bhí siad ag feitheamh ar an dochtúir. Bhí beirt fhear sa seomra feithimh agus ba léir gur ghortaigh fear amháin a chos. Bhí an buachaill ag scoilteadh le pian ar an sínteán.

Bhí siad fós ag feitheamh ar a cúig a chlog agus ghlaigh an bainisteoir ar an altra. Ní raibh sé sásta agus mhínigh sé di go raibh siad ag feitheamh ar feadh dhá uair. Dúirt sé go raibh an buachaill míchompórdach ar an tralaí. Bhí fillteán i lámha na mná agus mhínigh sí go raibh siad an-ghnóthach san ospidéal an lá sin.

Ina dhiaidh sin tógadh x-gha dá chos agus ba léir ón bpictiúr ar an scáileán go raibh cos an bhuachalla briste. Labhair an dochtúir leis an mbuachaill agus d'inis sé dó go raibh a chos briste go dona. Dúirt sé go mbeadh air sos fada a thógáil ón spórt. Ní raibh an buachaill sásta leis an drochnuacht ar chor ar bith.

An lá ina dhiaidh sin bhuail an buachaill lena chara ag an staid iománaíochta. D'inis sé dó go mbeadh air sos cúig mhí a thógáil ón iománaíocht. Bhí plástar timpeall ar a chos agus bhí sé an-ghruama. Bhí a fhios aige nach mbeadh sé in ann aon spórt a imirt agus smaoinigh sé ar táiplis a imirt. Ba léir nach raibh sé sásta ar chor ar bith.

Mo cheol thú! Mo cheol sibh



Chroch (postaer)	
D'fhógair sé	
Shein siad	
Chaith siad	
Chleachtaigh sí	
Bhuaigh siad	
Léigh siad	
Scread siad	
D'éist siad	
Ghlaoigh siad ( <b>ar</b> )	
D'fhéach siad ( <b>ar</b> )	
Rinne siad	
Ghabh sé (buíochas)	
<b>Fuaim shainiúil</b>	
Lá I ndiaidh lae	
moltóireacht	
Céilí mór	
ardán	
Scaifte mór	
Lucht féachana	
Port	
Bród an domhain	



## Mo Cheol thú! Mo cheol sibh!

Lá amháin bhí fógra ar an mballa i gColáiste Phádraig. D'fhógair sé go mbeadh grúpa a sheinnfeadh ceol traidisiúnta ag cleachtadh ag am lóin agus tar éis scoile gach Luan agus - Céadaoin. Bheadh a lán oibre gceist mar cleachtadh adhéanann máistreacht. Bhí suim ag roinnt dena daltaí sa cheol traidisiúnta agus bheartaigh siad ar páirt ghlacadh sa ghrúpa sin.


Thosaigh an cleachtadh agus bhí baill an ghrúpa fós sa scoil ag cleachtadh ag a cúig a chlog nuair a bhí gach éinne imithe abhaile. Bhí an múinteoir ceoil ag cabhrú leo. Ceathrar a bhí sa ghrúpa idir bhuachaillí agus chailíní agus sheinn siad an veidhlín, an fheadóg stáin agus an fheadóg mhór. Is léir go raibh siad dáirire faoin gceol.

Nuair a bhí gach éinne imithe abhaile bhí cailín amháin fós ag cleachtadh ar an veidhlín. Bhí port nua le foghlaim aici don lá dár gcionn agus bhí sí faoi bhrú mar níor theastaigh uaithi botún a dhéanamh a dhéanfadh dochar do sheansanna an ghrúpa. Nuair a bhí sí críochnaithe bhí an port ar a toil aici agus bhí muinín aici as a cumas an port a sheinm. An chéad chomórtas gur ghlac siad páirt ann ná Fleá an Chontae. Bhí ceithre ghrúpa páirteach ann. Nuair a bhí an bhreith á tabhairt, dúirt an moltóir go raibh gach grúpa acu ar fheabhas agus gur léir go raibh obair mhór déanta acu ar fad. D'fhógair sé ansin go raibh an bua ag Coláiste Phádraig. Bhí lúcháir ar ghrúpa Choláiste Phádraig agus chuaigh siad ar aghaidh ansin go Fleá an Chúige mar ionadaithe a gcontae féin. Tar éis an chomórtais bhí an toradh á thabhairt amach ag an moltóir agus arís d'fhógair si go raibh an bua faighte ag Coláiste Phádraig.

Bhí siad cáilithe anois do Fhleá Cheoil na hÉireann a bhí ar siúl i Leitir Ceanainn. Chuaigh lucht tacaíochta mór in éineacht leo don ócáid. Nuair a shroich siad Leitir Ceanainn bhí slua ollmhór bailithe agus bhí ceol le cloisint i ngach áit. Arís, bhí grúpa Choláiste Phádraig ar fheabhas agus bhuaigh siad Craobh na hÉireann. Ghlac siad páirt i gceolchoirm na mbuaiteoirí ar a hocht a chlog an oíche sin. Thug a lucht tacaíochta bualadh bos mór dóibh agus bhí siad ag screadaíl agus ag liúirigh,

Nuair a d'fhill siad ar an scoil bhí seisiún ceoil i halla na scoile ar a hocht a chlog ag ceiliúradh an bhua a bhí acu. Sheas an Príomhoide ar an ardán agus mhol sé gach éinne a chabhraigh leo an bua stairiúil a bhaint amach. Ghabh sé buíochas leo ar fad agus dúirt sé go raibh obair iontach déanta acu agus go raibh pobal na scoile ar fad ag comhoibriú le chéile chun an bua sin a bhaint amach. Ghabh na ceoltóirí buíochas le gach éinne a thug tacaíocht dóibh agus ansin thosaigh an cheolchoirm.

Lá spraoi san Ardchathair



## 1.

Thuirling sí	
Tháinig siad	
D'ith siad	
Thug siad (cuairt ar)	
Labhair siad	
Shuigh siad	
Chuaigh siad	
D'ól siad	
Thaistéal siad	
Chonaic siad	
D'fhéach siad	
Rinne siad	
Ag turaiseoireacht	
Radairc cáiliúla	
Ag siopadóireacht	
Ó áit go háit	
Dubh le daoine	
Timpeall na háite	
Lár na cathrach	
Áiseanna éagsúla	

## Lá Spraoi san Ardchathair

Maidin amháin bhí Máire agus a máthair ag aerphort Bhaile Átha Cliath. Bhí siad chun bualadh le hAnna, cara le Máire, a bhí ag teacht ón Spáinn chun laethanta saoire a chaitheamh in éineacht leo sa chathair. Faoi dheireadh, tháinig Anna amach an doras agus meangadh mór gáire ar a haghaidh. Chuir siad fáilte chroíúil roimpi agus dúirt Máire go raibh siad beirt chun an lá dár gcionn a chaitheamh sa chathair. Bhí Anna an-sásta é sin a chloisint.

Go luath an mhaidin dár gcionn bhí siad beirt istigh i lár na cathrach. I dtosach, bheartaigh siad turas Bhaile Átha Cliath a dhéanamh ar bhus. Chuaigh siad in airde staighre agus bhí radharc breá acu ar Shráid Uí Chonaill, ar an Spíce agus ar Ardoifig an Phoist. Bhí gliondar orthu ag dul trí lár na cathrach agus bhí an t-ádh leo mar bhí an aimsir go haoibhinn

Ina dhiaidh sin stop siad ag an Ollscoil cháiliúil - Coláiste na Tríonóide. Bhí an Coláiste plódaithe le turasóirí le málaí droma orthu. Tháinig siad ann chun féachaint ar an leabhar ársa - Leabhar Cheanannais - agus ar an stór mór leabhar sa Leabharlann Fhada. Bhí bialann ann freisin chun sos a ghlacadh ann. Bhain siad taitneamh as sin. Thug an bus aghaidh ansin ar Mhúsaem Pháirc an Chrócaigh agus d'fhoghlaim siad faoi stair Chumann Lúthchleas Gael. Ina dhiaidh sin, chonaic siad Staid an Aviva, an staid is nua sa chathair, Gairdín na nAinmhithe atá suite i bPáirc an Fhionnuisce agus Ardeaglais Chríost. Bhí a lán feicthe agus foghlamtha acu taobh istigh de tamall gearr.

Tar éis an turais chaith siad tamall ag siopadóireacht i lár na cathrach agus bhí go leor málaí acu faoin am go raibh siad críochnaithe. Ní nach ionadh bhí ocras agus tart orthu agus stop siad ag bialann Burkes i Sráid Ghrafton agus d'fhéach siad ar an mbiachlár chun béile blasta a roghnú. Bhí siad an-sásta lena mbéile.

Ar a cúig chun a hocht bhí siad réidh chun dul isteach go hAmharclann na Mainistreach chun an dráma cáiliúil le John B Keane, *The Field*, a fheiceáil. Fuair siad a dticéid ag deasc na dticéad agus d'fhág siad a gcótaí i seomra na gcótaí sula ndeachaigh siad isteach chun an dráma a fheiceáil. Lá gnóthach ach suimiúil a bhí ann agus ní dhéanfaidís dearmad air go deo.

# An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr



## 5.

Sheas siad	
D'fhéach siad	
Labhair siad	
Duirt siad	
Chuardaigh siad	
Chaith siad	
D'éist sé	
Thug sí	
Mhóthaigh siad	
Lonraigh (an ghrian)	
Shuigh siad	
Sheinn siad	
Ag rince	
Ag imirt	
An ghrian ag spalpadh anuas orthu	
Bronnadh na duaiseanna	
An Ghaeilge a chur chun cinn	
Beatha teanga í a labhairt	
An Ghaeilge a threisiú is a oiliúint	
Corn	

## **An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr**

Bhí Cormac agus Niamh taobh amuigh de shiopa ceoil. Léigh siad fógra ar an doras a rá go raibh sladmhargadh na Cásca ar siúl sa siopa. I bhfuinneog an tsiopa chonaic na déagóirí uirlisí éagsúla, an bodhrán, an bainseo, an consairtín, an bosca ceoil agus an cruit. Bhí áthas ar Niamh an fógra a fheiceáil i nGaeilge sa siopa agus dúirt Cormac go raibh sé tábhachtach dúinn go léir ár dteanga a labhairt.


Nuair a d’fhill Cormac agus Niamh abhaile shuigh siad os comhair an ríomhaire. Bhí suim acu freastal ar chúrsa sa Ghaeltacht agus rinne siad cuardach ar Facebook. Bhí siad ag féachaint ar na cúrsaí sa Ghaeltacht agus fuair siad an t-eolas a bhí uatha ar Facebook.

Thaistéal siad chuig an nGhaeltacht agus i dtosach bhuaile siad le daoine óga eile agus bhí siad ag labhairt leo. Ansin d’fhreastail siad ar céilí. Bhain siad an-taitneamh as an gcéilí. Bhí siad ag damhsa ar feadh na hoíche. Chaith siad tamall ag imirt spóirt ar an trá freisin. D’imir siad eitpheil leis na déagóirí eile ar an gcúrsa. Bhí an aimsir go hálainn i rith an turais. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch gach lá.

Nuair a tháinig na déagóirí abhaile ón nGhaeltacht thosaigh siad ciorcal cainte ag am lóin. Bhuaile siad le daltaí eile sa scoil agus chaith siad tamall ag caint leo i nGaeilge. Ba léir go raibh an-suim ag na daltaí an Ghaeilge a labhairt.

D’éist siad le cláir freisin ar Raidió na Gaeltachta. Ina dhiaidh sin d’fhéach siad ar chlár ar TG4. Cheap na buachaillí gur fiú féachaint ar TG4. Bhí ionadh an domhain ar na déagóirí nuair a bhronn an múinteoir Gaeilge gradam orthu as iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a neartú sa scoil agus sa cheantar. Ba léir go raibh siad an-bhródúil as a dteanga dúchais.

## Comhoibriú an Phobail





Sheas (na mná)	
Labhair siad	
Bheartaigh siad	
Thosaigh siad	
Ghlan siad	
Chaith siad	
D'úsáid siad	
Chan sí	
Chuir siad	
D'fhoghlaim siad	
Bhronn siad	
Rinne siad	
lofa le bruscair	
músclaíonn sé deistin iontu	
ós comhair an phobail	
tabhacht na timpeallachta	
feabhas a chur ar an timpeallacht	
malaí dubha plaisteacha	
seaicéad lonrach	
meangadh gáire	

## Comhoibriú an phobail

Bhí beirt bhan ag caint faoina n-áit chónaithe agus a rá go raibh sé lofa salach. Dúirt siad go raibh bruscar timpeall an cheantair agus nach raibh sé inghlactha a thuilleadh. Ba léir nár chuir daoine a mbruascar sna boscaí bruscair. Bhí na mná chun rud éigin a dhéanamh chun an ceantar a fheabhsú.

Bhailigh muintir na háite le chéile ag cruinniú do Chomhairle an Phobail. Phléigh siad tábhacht na timpeallachta ag an gcruinniú. D'aontaigh gach duine leis an mbean go raibh sé an-tábhachtach an ceantar a choiméad glan. Dúirt bean eile go raibh sé an-tábhachtach do shaol sóisialta na ndaoine ceantar deas glan a bheith acu. Rinne siad cinneadh ag an gcruinniú an ceantar a fheabhsú. Shocraigh siad freisin a bheith níos cairdiúla i dtaobh na seandaoine sa cheantar.

An lá ina dhiaidh sin thosaigh muintir na háite ag glanadh an cheantair. Líon siad málaí móra dubha le bruscar agus bhailigh siad an bruscar go léir a bhí timpeall na sráideanna. D'oibrigh siad le chéile agus ní raibh an obair róchrúa dóibh.

Ansin thug na daoine cuairt ar na seandaoine sa cheantar. Chuir siad ceolchoirm ar siúl dóibh agus bhain na seandaoine an-taitneamh as. Freisin tháinig garda isteach chun labhairt leis an bpobal faoi chúrsaí slándála. D'inis sé dóibh gur chóir dóibh a bheith aireach i gcónaí.

Chuir Comhairle an Phobail ranganna oíche ar siúl do mhuintir an cheantair freisin. Bhí seans ag muintir na háite ranganna cócaireachta, ranganna ríomhaireachta agus ranganna garraíodóireachta a dhéanamh. Ghlac a lán daoine páirt sna ranganna éagsúla agus ba léir gur tháinig feabhas mór ar an spiorad pobail sa cheantar.

Bhuaigh an ceantar duais i gComórtas na mBailte Slachtmhara go luath ina dhiaidh sin. Bhuaigh siad an duais de bharr gur tháinig feabhas mór ar a mbaile beag. Bronnadh seic dhá mhíle cúig chéad euro ar Chomhairle an Phobail chomh maith le corn mór. Bhí áthas an domhain ar gach duine.

Drochaimsir an Gheimhridh – Athrú Aeráide



Shuigh siad	
Phléigh siad	
Labhair siad	
Duirt siad	
Thit (an sneachta)	
Chosain sé	
Dhoirt sé	
Bhuail sé	
Mhóthaigh siad	
Lonraigh (an ghrian)	
ós comhair na teilifíse	
reophointe	
tuillte	
gaoth gharbh ag réabadh	
bratach bán	
fadhb mhór phráinneach í	
línte leicteachais	
an chiséal ozóin	
bád tarrthala	
ag leadh	

## Drochaimsir an Gheimhridh - Athrú aeráide

Oíche amháin shuigh Aoife agus Antaine os comhair na teilifíse. Bhí an clár faisnéise Primetime ar siúl. Chonaic siad teach faoi uisce ar an gclár agus bhí an clár ag plé cúrsaí timpeallachta agus athrú aeráide. Cheap Aoife gur fhadhb chasta í agus d'aontaigh Antaine léi. Thosaigh Antaine ag smaoineamh ar an drochaimsir a bhí againn sa tír seo an geimhreadh seo caite.

I dtosaigh smaoinigh sé ar an sneachta a bhí againn ar fud na tíre i rith an gheimhridh. Bhí an teocht ocht gcéim faoin reophointe. Thit sneachta i ngach áit agus smaoinigh Antaine ar a bhunglaó faoin tuath. Bhí brat bán sneachta ar na sceacha agus os comhair an tí.

De bharr na drochaimsire phléasc píbín uisce thuas staighre sa teach. Bhí braonaíl uisce ag teacht tríd an tsiléáil. Bhí ar mháthair Antaine glao a chur ar phluiméir. Nuair a tháinig an pluiméir chuig an teach d'fhág sé a veain amuigh ar an mbóthar. D'íoc máthair Antaine dhá chéad euro chun an píbín a dheisiú. Tháinig méadú ar a bpolasaí árachais ina dhiaidh sin.

Ansin smaoinigh na déagóirí ar na stoirmeacha uafásacha a bhí againn timpeall na tíre i rith an gheimhridh. Tharla timpiste amháin ar bhóthar iargúlta faoin tuath. Leagadh crann mór sa timpiste. Thit an crann ar dhíon chairr. Ba thimpiste uafásach é. Freisin leagadh línte leictreachais timpeall na tíre.

I rith an gheimhridh thit báisteach throm timpeall na tíre. I gCorcaigh bhí ar dhaoine éalú óna dtithe i mbáid de bharr na dtuille. Tháinig na seirbhísí éigeandála i gcabhair ar na daoine a bhí sáinnithe.

Tharla an rud céanna i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ag cur báistí go trom ar fud na cathrach. Bhí siopaí agus carranna faoi uisce agus bhí daoine sáinnithe ina gcarranna.

Ansin thosaigh na déagóirí ag caint faoin bpoll sa chiseál ozóin os cionn an antartaigh. Dúirt siad nach raibh an t-ozón in ann muid a chosaint ón ngrian de bharr go raibh poll ollmhór ann.

Ba léir go raibh Aoife agus Antaine an-bhuartha faoin timpeallacht. Phléigh siad na cnapáin oighir agus dúirt siad go raibh siad ag leá. Dá bharr dúirt siad go raibh leibhéal na bhfarraigí ar fud an domhain ag ardú. Bhí Aoife agus Antaine an-bhuartha faoin timpeallacht.

Cóisir gan Chead



D'fhag siad	
Phacáil siad	
D'iarr sé	
D'inis sé	
Ghlaoigh siad	
D'eagraigh siad	
Rinne siad (teagmháil)	
D'ith siad	
D'ól siad	
Bhain siad	
Bheartaigh siad	
Chaith siad	
Mhorthaigh siad	
Labhair sé	
Cheistigh siad	
meangadh gáire	
ar bís ag tnúth leis an gcoisir	
atmaisféar beomhar, fuinniúil	
ina praiseach	
lofa	
tuirseach traochta spíomnta amach	
cráite	
ag gearán	
díoma an domhain	
áiféala	

## Cóisir gan chead

Bhí Peadar agus Máiréad ag déanamh a gcuid obair bhaile ar an Aoine ar a leathuair tar éis a ceathair nuair a d'fhág a dtuismitheoirí an baile don deireadh seachtaine. Chuir Daid na málaí i gcúl an chairr. Thug sé comhairle do na déagóirí sular fhág sé an baile. D'inis sé dóibh a bheith cúramach i rith an deireadh seachtaine, a gcuid obair bhaile a dhéanamh agus an teach a choimead glan. Freisin dúirt sé go mbeadh siad ag filleadh abhaile ar an Domhnach ar a leathuair tar éis a trí.

D'fhán Mam agus Daid slán ag na déagóirí ansin agus chuir Peadar agus Máiréad na leabhair ar an mbord. Bhí plean acu cóisir a eagrú sa teach an oíche sin ar a hocht a chlog. Chuir siad glao fóin ar a gcairde agus d'inis siad dóibh go raibh teach saor acu agus go mbeadh cóisir acu sa teach an oíche sin. Dúirt Máiréad lena cara go mbeadh ceol agus spraoi ag an gcóisir. Ba léir go raibh na déagóirí ag tnúth go mór leis an gcóisir.

Tháinig slua mór daoine chuig an teach. Ar a naoi a chlog bhí an teach plódaithe le déagóirí. Bhí na déagóirí ag ithe agus ag ól agus ag baint taitnimh as an gcóisir. Bhí aoibh mhaith ar gach duine ag an gcóisir. In Óstán an Átha bhí tuismitheoirí na ndéagóirí sa bhialann ag ithe dinnéir. Bhí siad ag ól fíona agus bhí an freastalaí ag freastal orthu.

Níor éirigh Peadar nó Máiréad go dtí a haon a chlog ar an Satharn. Bhí tuirse an domhain orthu. Nuair a shiúil siad isteach sa seomra suí chonaic siad go raibh an áit ina phraiseach. Bhí boscaí píotsa ar fud an tseomra agus bhí Máiréad ag iarraidh an tseomra a ghlanadh. Dúirt Peadar go raibh tinneas cinn air agus go raibh sé ag dul chuig a leaba. Bhí sé chun éirí ar a sé chun an teach a ghlanadh.

Ar a trí a chlog in Óstán an Átha bhí bainisteoir an ostáin ag labhairt leis na custaiméirí. Ba léir go raibh fadhb acu leis an uisce agus dúirt sé go raibh an leictreachas gearrtha freisin. Thug an bainisteoir trí rogha do na custaiméirí, dul chuig óstán eile, a gcuid airgid a fháil ar ais nó teacht ar ais uair eile do dheireadh seachtaine saor in aisce. Roghnaigh Daid filleadh ar an óstán uair eile.

Shroich Mam agus Daid a dteach ar a cúig a chlog. Nuair a chonaic siad an teach bhí siad ar mire le Peadar agus Máiréad. Bhí an teach fós ina phraiseach. Ní raibh Mam agus Daid sásta ar chor ar bith. Rinne Peadar iarracht leithscéal a ghabháil ach ba léir go raibh a dtuismitheoirí ar buile leo. Bhí áiféala ar Pheadar agus ar Mháiréad go raibh cóisir acu sa teach.



# Madra ar Strae



Fuair sé (teachtaireacht)	
Thug sé (barróg)	
Labhair siad	
Duirt siad	
Shuigh siad	
D'fhógair siad	
Rinne siad (teagmháil)	
Ghlaoigh siad (ar)	
Chuaigh siad	
Aimsíodh	
Mhóthaigh sí	
Fuair sí	
Ghabh sí	
teachtaireacht	
ag gol	
buartha	
teagmháil	
ag screadáil in ard a gcinn is a ngutha	
Faoiseamh	
gliondar croí	
an-bhuíoch	
Buíchas le Dia	
Ar amharáí an tsaoil	
Comharsana maithe	
o theach go teach	

## Madra ar Strae

Lá amháin fuair Breandán téacs óna chara Síle. Dúirt sí go raibh a madra imithe agus go raibh cabhair ag teastáil uaithe. Léigh Breandán an téacs go agus chuir sé glao uirthi láithreach a rá go mbeadh sé sásta cabhrú léi an madra a aimsiú.

Tháinig Síle chuig teach Bhreandáin go luath ina dhiaidh sin agus bhí sí trína chéile faoina madra. Bhí sí ag caoineadh agus rug Breandán barróg uirthi. Ansin shuigh siad síos le cupán caife agus mhínigh Síle céard a tharla do Jojo. Shocraigh an bheirt acu ar phlean chun Jojo a fháil ar ais.

I dtosach chuir Síle glao ar An Raidió Pobail. D'inis sí don láithreoir go raibh a madra ar iarraidh. D'iarr sí air fógra a chur amach ar an aer i dtaobh Jojo. Bhí an láithreoir lánsásta fógra a chur amach. Ansin sheol Síle agus Breandán téacs chuig a gcairde go léir. Dúirt siad go raibh madra beag ar iarraidh agus go raibh dath dubh agus bán ar an madra. Freisin chuir siad fógra ar a leathanach Facebook agus d'iarr siad ar a gcairde glao fóin a chur orthu má fheiceann siad Jojo.

Go luath ina dhiaidh sin fuair Síle glao fóin a rá go raibh Jojo faighte. Bhí áthas an domhain uirthi agus dúirt sí go rachadh sí chun é a bhailiú láithreach bonn. D'inis sí an dea nuacht do Bhreandán agus rug sé barróg uirthi.

Bhuail Síle leis an bhfear a chuir glao fóin uirthi. Bhí Jojo aige agus bhí an-áthas ar Shíle a madra a fheiceáil arís. D'inis an fear di go bhfuair sé Jojo taobh amuigh den ionad siopadóireachta. Dúirt sé go raibh an-eagla ar Jojo agus ba léir go raibh sé cailte. Lean Jojo an fear abhaile.

D'inis Síle an scéal ar fad dóibh faoi Jojo. D'inis sí céard a tharla dó agus faoi na rudaí a rinne sí chun é a fháil ar ais. Nuair a bhí Síle ag dul abhaile mhol an fear di aire a thabhairt dá madra as seo amach. Bhí a bhean chéile an-sásta gur tháinig Síle chun Jojo a bhailiú. Bhí Jojo ina baclainn aici nuair a d'fhag sí teach an fhir.

# Mé féin agus mo theaghlach

## Ceisteanna Samplacha

	Ceist	Béarla	✓
1.	Cad is ainm duit? Cén t-ainm atá ort? Cé tusa?	What's your name?	
2.	Cén aois thú?	How old are you?	
3.	Cén dáta breithe atá agat? Cathain a rugadh tú? Cathain a bhíonn do bhreithlá?	When is your birthday?	
4.	Cén seoladh baile atá agat? Cá bhfuil tú i do chónaí?	Where do you live?	
5.	Inis dom fút féin. Abair liom fút fein. Déan cur síos ort féin.	Tell me about yourself.	
6.	Cén sórt duine thú? Cén saghas duine thú?	What type of person are you?	
7.	Cén dath súile atá agat?	What colour eyes do you have?	
8.	Cén sort gruaige atá ort?	What sort of hair do you have?	
9.	Cén airde thú?	How tall are you?	
10.	An mó duine i do theaghlach? Cé mhéad duine atá sa bhaile?	How many people are in your family?	
11.	An duine ____ thú? (sportúil, ceolmhar...)	Are you a ____ person? (sporty, musical)	
12.	An dtaitníonn ____ leat? An maith leat ____? An bhfuil suim agat i /sa ____?	Do you enjoy ____? Do you like ____? Do you have an interest in ____?	

### 1. Cad is ainm duit? / Cén t-ainm atá ort? / Cé tusa?

- ❖ **Freagra:** \_\_\_\_ is ainm dom / \_\_\_\_ an t-ainm atá orm / Is mise \_\_\_\_.
- ❖ **Sampla:** Ailbhe Ní Nualláin is ainm dom.

### 2. Cén aois thú?

- ❖ **Freagra:** Táim \_\_\_\_ déag d'aois.

12	dhá bhliain déag d'aois	15	cúig bliana déag d'aois
13	trí bliana déag d'aois	16	sé bliana déag d'aois
14	ceithre bliana déag d'aois	17	seacht bliana déag d'aois

- ❖ **Sampla:** Táim cúig bliana déag d'aois.

### 3. Cén dáta breithe atá agat? Cathain a rugadh tú? Cathain a bhíonn do bhreithlá?

❖ **Freagra:** Rugadh mé ar an \_\_\_\_\_ (dáta) \_\_\_\_\_ (mí) \_\_\_\_\_ (bliain).

❖ **Samplaí:**

- ⇒ Rugadh mé ar an gceathrú la de mhí Eanáir dhá mhíle is a cúig.
- ⇒ Rugadh mé ar an gceathrú lá déag de Mhárta dhá mhíle is a trí.
- ⇒ Rugadh mé ar an gceathrú lá is fiche de Lúnasa dhá mhíle is a seacht.

An Dáta			An Mhí	An Bhliain
1-10	11-20	21-31		
ar an gcéad lá	ar an aonú lá déag	ar an aonú lá is fiche	de mhí Eanáir	dhá mhíle is a haon
ar an dara lá	ar an dara lá déag	ar an dara lá is fiche	de Mhárta	dhá mhíle is a trí
ar an tríú lá	ar an tríú lá déag	ar an tríú lá is fiche	de mhí Aibreáin	dhá mhíle is a ceathair
ar an gceathrú lá	ar an gceathrú lá déag	ar an gceathrú lá is fiche	de Bhealtaine	dhá mhíle is a cúig
ar an gcúigiú lá	ar an gcúigiú lá déag	ar an gcúigiú lá is fiche	de Mheitheamh	dhá mhíle is a sé
ar an séú lá	ar an séú lá déag	ar an séú lá is fiche	de mhí Iúil	dhá mhíle is a seacht
ar an seachtú lá	ar an seachtú lá déag	ar an seachtú is fiche	de Lúnasa	dhá mhíle is a hocht
ar an ochtú lá	ar an ochtú lá déag	ar an ochtú lá is fiche	de Mheán Fómhair	dhá mhíle is a a naoi
ar an naoú lá	ar an naoú lá déag	ar an naoú lá is fiche	de Dheireadh Fómhair	dhá mhíle is a deich
ar an deichiú lá	ar an bhfichiú lá	ar an triochadú lá	de mhí na Samhna	dhá mhíle is a haon déag
		ar an aonú lá is tríocha	de mhí na Nollag	dhá mhíle is a dó dhéag

### 4. Cén seoladh baile atá agat? Cá bhfuil tú i do chónaí? Cad as duit?

❖ **Freagra:** Táim i mo chónaí i \_\_\_\_\_ / **Cónaím i \_\_\_\_\_** / Tá cónaí orm i \_\_\_\_\_ / Is as \_\_\_\_\_ dom.

❖ **Samplaí:**

- ⇒ Táim i mo chónaí i gCluain Tarbh i dTuaisceart na cathrach.
- ⇒ Tá cónaí orm i nDún Droma i nDeisceart na cathrach.
- ⇒ Is as Sord i mBaile Átha Cliath mé.

→ Bíonn urú i gcónaí tar éis 'i' ach roimh guta na tíre

⇒ Conaím **in** Aontraim i dTuaiseart

### 5. Inis dom fút féin. Abair liom fút fein. Déan cur síos ort féin.

- Is mise \_\_\_\_ agus táim \_\_\_\_ déag d'aois
  - o **Sampla:** Is mise Ciara agus táim sé bliana déag d'aois.
- Rugadh agus tógadh i \_\_\_\_ (+ **URÚ**) mé.
  - o **Sampla:** Rugadh agus tógadh i nDún Dealgan mé.
- NÓ**
- Is as \_\_\_\_ ó dhúchas dom ach táim i mo chónaí i \_\_\_\_ (+ **URÚ**). Tháingamar anseo nuair a bhí mé...
  - o **Sampla:** Is as an tSín ó dhúchas dom ach táim i mo chónaí i mBaile Átha Cliath. Tháingamar anseo nuair a bhí mé seacht mbliana d'aois.

### 6. Cén sórt duine thú? Cén saghas duine thú?

❖ **Freagra:** Deir mo theaghlach agus mo chairde gur duine \_\_\_\_ mé, agus aontaím / ní aontaím leo.

❖ Dearfach ☺	Positive :)	Diúltach ☹	Negative :(
Uaillmhianach	Ambitious	Santach	Selfish
Gealgháireach	Cheerful	Mí aibí	Immature
Réasúnta	Reasonable	Amaideach	Silly
Fuinniúil	energetic	Mí-shlachtmhar	Untidy
Tuisceanach	understanding	Mí- eagraithe	Disorganised
Cneasta	kind	Glórmhar	Loud
Lách	kind	Millte	Spoiled
Fláithiúil	generous	Droch-bhéasach	Bad-mannered
Cabhrach	Helpful		
Éirimiúil	Intelligent		
Siamsúil	Entertaining		
Greannmhar	Funny		
Muiníneach	Confident		
Aclaí	Fit		
Ceolmhar	Musical		

❖ **Sampla:** Deir mo theaghlach gur duine tuisceanach lách mé, agus aontaím leo.

### 7. Cén dath súile atá agat?

❖ Ó thaobh mo thréithe fisiciúla de, mar a fheiceann tú féin...

Súile gorma	Súile glasa	Súile donna
Súile liatha	Súile gléghlasa	Súile collchnónna

o Tá súile \_\_\_\_ **AGAM.** → **Sampla:** Tá súile gorma agam.

### 8. Cén sort gruaige atá ort?

❖ Tá gruaig \_\_\_\_ \_\_\_\_ **ORM.**

Gruaig fhionn	Ghearr
Gruaig dhubh	Fhada
Gruaig dhonn	Chathach
Gruaig rua	Dhíreach
Gruaig órdhonn	Spíceach
Gharbh	Bhog
Le gealáin	Le taobhanna mionbhearrtha

❖ **Sampla:** Tá gruaig fhionn fhada orm.

### 9. Cén airde thú?

❖ **Freagra:** Táim \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_ ar airde.

Troithe	Orlach
Ceithre troithe	Orlach amháin, dhá orlach
Cúig troithe	Trí horlaí, ceithre horlaí, cúig horlaí, sé horlaí
Sé troithe	Seacht n-orlaí, ocht n-orlaí, naoi n-orlaí, deich n-orlaí, aon orlach déag

❖ **Sampla:** Táim cúig troithe, ocht n-orlaí ar airde.

### 10. An mó duine i do theaghlach? Cé mhéad duine atá sa bhaile?

❖ **Freagra:** Tá \_\_\_\_\_ i mo theaghlach.

2	Beirt	7	Seachtar
3	Triúr	8	Ochtar
4	Ceathrar	9	Naonúr
5	Cúigear	10	Deichniúr

❖ **Sampla:** Tá *seisear* i mo theaghlach. Is iad mé féin, mo mháthair, m'athair, mo dheartháir, mo dheirfiúr agus mo mhadra.

### 11. An duine \_\_\_\_ thú? (sportúil, ceolmhar...)

❖ **Freagra:** Is duine \_\_\_\_ mé.

NÓ

Ní duine \_\_\_\_ mé.

❖ **Sampla:** Is duine ceolmhar mé ach ní duine spóirtiúil mé

### 12. An dtaitníonn \_\_\_\_ leat? An maith leat \_\_\_\_? An bhfuil suim agat i /sa \_\_\_\_?

❖ **Freagra:** Taitníonn \_\_\_\_ liom; Ní thaitníonn \_\_\_\_ liom.

NÓ

Is maith liom; Ní maith liom

NÓ

Tá suim agam i/sa; Níl suim agam i/sa

❖ **Sampla:** Taitníonn ceol go mór liom ach ní maith liom ceol traidisiúnta. Tá suim agam i gceol rac.



## Freagraí Samplacha

- Haigh! **Niamh** is ainm dom. **Ní Mhurchú** is sloinne dom. Tá **seisear** i mo chlann. Mo Mham, mo Dhaid, mo **bheirt deirfiúracha** agus **mo dheartháir**. Rugadh mé ar an **dara lá is fiche d'Aibreán** sa bhliain **dhá mhíle is a naoi (2009)**. Táim **cúig bliana déag** d'aois. Tá gruaig **dhonn** orm. Tá sé **fada** agus **díreach**. Tá súile **gorma** agam. Is duine **uaillmhianach, eirimiúil** agus **fuinniúil** mé. Tagaim **i lár na clainne**. Tá Caoimhe agus Ronan **níos sine ná mé** agus tá Áine **níos óige**.
- Dia daoibh! Eilís is ainm dom. Táim cúig bliana déag d'aois. Rugadh mé ar an tríú lá is fiche de mhí an Mheithimh dhá mhíle is a seacht. Is duine spórtúil, fuinniúil agus aclaí mé. Is aoibhinn liom a bheith ag imirt sacair nó ag rámháíocht. Tá mé i mo chónaí sa Gheata Bhán i dteach dhá stór le mo thuismitheoirí. Is páiste aonair mé. Deir mo chairde go bhfuil mé millte ach ní aontaím leis sin!
- Haigh a chairde! Is mise Paolo. Tá mé seacht mbliana déag d'aois agus sa chúigiú bhliain ar scoil. Tá cúigear i mo theaghlach, mo thuismitheoirí, mo dheirfiúr agus mo dhearthair san áireamh. Tá peata amháin agam, Toby. Is madra lán le fuinneamh é. Is duine staidéarach mé. Déanaim a lán staidéar mar ba mhaith liom a bheith i mo thréidlia. Cónaím i mBaile Átha Troim.

## Frásaí dearfacha

Réitím go hiontach le mo dhearthair/ mo dheirfiúr/mo mham/mo dhaid	I get on really well with my brother/my sister/my Mam/my Dad
Tá dea chaidreamh eadrainn	There is a great relationship between us
Mar a chéile muid-Is maith linn na rudaí céanna. Mar shampla taitníonn cispheil/Tiktok/Sabrina Carpenter linn	We are similar- we like the same things. For example, we enjoy basketball, Tiktok, Sabrina Carpenter
Cé go bhfuil muid an-difriúil, réitimid ar fheabhas don chuid is mó	Even though we are very different, we get on great for the most part
Tugann sé tacaíocht agus comhairle dom	He gives me support and advice
Tugaim lámh chúnta di lena hobair bhaile/leis an obair tí	I give her a helping hand with her homework/with the housework
Is duine _____, _____ agus _____ é/í	He/She is a _____, _____ and _____ person

## Frásaí diúltacha

Réitím go huafásach/go millteanach le mo.....	I get on terribly/awfully with my ....
<b>Bímid in adharca a chéile lá i ndiaidh lae</b>	We (do be) at loggerheads day after day
